











## An Fiosraitheoir

### Tasc 1:
Cad é an rud is mó a thaitin leat faoin scéal seo? Cén fáth?

### Tasc 2:
Ainmnigh 5 aidiacht eile a chuireann síos ar chait.

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

4 Torann

Foilseachán de chuid CCEA © 2015

CCEA Rewarding Learning

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Taisce Tuisceana



## Torann

# Torann

Dhúisigh Lúsaí go tobann i lár na hoíche toisc gur chuala sí torann thíos staighre. Léim sí amach as a leaba agus rith sí isteach chuig seomra a mamaí.

'A Mhamaí, a Mhamaí, dúisigh, dúisigh! Chuala mé torann aisteach thíos staighre,' a bhéic sí. 'B'fhéidir go bhfuil **gadaí** ann.'

Ansin, chuala an bheirt acu an torann arís. Léim Mamaí amach as an leaba lena fháil amach cad a bhí ann.

Shiúil Lúsaí agus Mamaí go ciúin cúramach síos an staighre. Trí fhuinneog an dorais, chonaic siad **scáth** aisteach ag damhsa timpeall an tseomra suí. Rug Mamaí greim ar **chamán** a bhí in aice leis an doras.

'I ndiaidh a trí a Lúsaí, oscail an doras,' arsa Mamaí léi. 'A haon, a dó, a trí!' a bhéic Mamaí.

'Áááááá!' a scread an bheirt acu. Las Lúsaí an solas agus cad a bhí in aice leo ach Fionn, an cat, agus **luch** ina bhéal aige! Thosaigh Mamaí ag gáire.

'Nach cat iontach thú? Ach bheadh sé níos fearr dá mbéarfá greim ar na lucha i rith an lae, in áit i lár na hoíche!'

# Ceisteanna

**1.** **Cá raibh Lúsaí nuair a chuala sí an torann den chéad uair?**
(a) Sa chistin
(b) Sa seomra suí
(c) Sa seomra leapa

**2.** **Rith Lúsaí isteach chuig a mamaí mar:**
(a) bhí fearg uirthi.
(b) bhí eagla uirthi.
(c) bhí áthas uirthi.

**3.** **Cén fáth ar shiúil Mamaí agus Lúsaí 'go ciúin cúramach síos an staighre'?**
(a) Níor theastaigh uatha titim síos an staighre
(b) Cheap siad go raibh duine éigin thíos staighre
(c) Bhí cuid den staighre briste

**4.** **In alt 1 tá an focal 'dhúisigh' in úsáid mar:**
(a) aidiacht.
(b) ainmfhocal.
(c) briathar.

**5.** **Cé acu focal is fearr a chuireann síos ar an gcat?**
(a) Amaideach
(b) Iontach
(c) Dána

**6.** **Conas a mhothaigh Lúsaí agus a mamaí ar deireadh?**
(a) Bhí fearg orthu
(b) Bhí áthas orthu
(c) Bhí brón orthu